CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2023/1196 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Meitheamh 2023

lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta, a mhéid a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha Bank Ċentrali ta' Malta/Bhanc Ceannais Mhálta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 4 maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 27.1 de,

Ag féachaint don Mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 24 Aibreán 2023 chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha Bhanc Ceannais Mhálta (BCE/2023/12) ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá iniúchóirí seachtracha neamhspleácha, arna moladh ag Comhairle Rialaithe BCE agus arna bhformheas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, chun iniúchadh a dhéanamh ar chuntais an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) agus ar bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Rinneadh sainordú KPMG mar iniúchóirí seachtracha Bank Ċentrali ta' Malta/Bhanc Ceannais Mhálta a fhoirceannadh trí chomhaontú frithpháirteach. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, iniúchóirí seachtracha a cheapadh don bhliain airgeadais 2023.

(3) Roghnaigh Bank Ċentrali ta' Malta/Banc Ceannais Mhálta Deloitte Audit Ltd mar iniúchóirí seachtracha air do na blianta airgeadais 2023 go 2027.

(4) Mhol Comhairle Rialaithe BCE go gceapfaí Deloitte Audit Ltd mar iniúchóirí seachtracha Bank Ċentrali ta' Malta/Bhanc Ceannais Mhálta do na blianta airgeadais 2023 go 2027.

(5) De réir an mholta ó Chomhairle Rialaithe BCE, ba cheart Cinneadh 1999/70/CE ón gComhairle ([2]) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 1 de Chinneadh 1999/70/CE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 15:

'15. Leis seo, déantar Deloitte Audit Ltd a fhormheas mar iniúchóirí seachtracha Bank Ċentrali ta' Malta/Bhanc Ceannais Mhálta do na blianta airgeadais 2023 go 2027.'.

Airteagal 2

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

([1]) IO C 156, 3.5.2023, lch. 1.

([2]) Cinneadh 1999/70/CE ón gComhairle an 25 Eanáir 1999 a bhaineann le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta (IO L 22, 29.1.1999, lch. 69).

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig an mBanc Ceannais Eorpach.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 16 Meitheamh 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
E. SVANTESSON